Scrúdú Cíche

Faisnéis thábhachtach faoi do scagadh cíche

An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála
National Screening Service

BreastCheck
An Clár Náisiúnta Scagthástála Cíoch
The National Breast Screening Programme

Cad is scagadh cíche ann?

S'éard atá i gceist le scagadh cíche mamagram (x-gha) de do bhrollach a thógáil, chun ailse chíche atá ró-bheag le feiceáil nó a mhothú, a aithint.

Nuair a aimsítear ailse chíche go luath, tá sé níos éasca í a chóireáil agus tá seans níos fearr ann go dtiocfaidh tú slán as.

Cad is ailse chíche ann?

Tarlaíonn ailse chíche nuair a thosaíonn gnáthchealla cíche ag fás ar bhealach neamhghnácha.

- Is í ailse chíche ná ceann de na hailsí is coitianta i measc na mban in Éirinn.
- Is féidir le mná d'aois ar bith ailse chíche a fháil ach méadaíonn an riosca de réir mar a théann tú in aois.
- Taispeánann taighde go bhfuil mná 50 bliain d'aois agus níos sine i mbaol níos airde ailse chíche a fháil.
- Má aimsítear ailse chíche go luath, is dóigh go mbeidh sé níos éasca é á cóireáil.

Cad is BreastCheck (Seiceáil Cíche) ann?

Seiceáil Cíche - Is seirbhís sláinte é an Clár Náisiúnta Scagthástála Cíche atá mar chuid den tSeirbhís Náisiúnta Scagtha - arna mhaoiniú ag an Rialtas. Ciallaíonn seo nach gá íoc as.

Tugann an clár tástáil ailse chíche (mamagram) do gach bean idir 50 agus 69 bliana d'aois gach dhá bhliain. Féach leathanach 4 chun tuilleadh eolais a fháil amach faoin tástáil seo.

Tá Seiceáil Cíche ar fáil do mhná 50-69 bliana d'aois. Baineann mná sa raon aoise seo an leas is mó as clár scagthástála cíche. Ba chóir do mhná, is cuma cén aois, teagmháil a dhéanamh lena ndochtúir teaghlaigh (GP) má tá aon imní orthu faoina sláinte cíche.

An gcuireann scagadh cosc ar ailse chíche?

Ní chuireann scagadh cosc ar ailse chíche. Mar sin féin, cabhraíonn sé le hailse chíche a aithint go luath.

Ní féidir mamagram a fháil do líon beag ailsí, ach má théann tú i gcomhair scagthástálacha rialta, is féidir aon athruithe a aithint chomh luath agus is féidir. Ag an gcéim seo, tá sé níos éasca ailse chíche a chóireáil agus tá seans níos fearr agat go dtiocfaidh feabhas maith ort.

Déantar an scagadh do mhná nach bhfuil comharthaí ailse orthu. Labhair le do dhochtúir teaghlaigh (GP) chomh luath agus is féidir má tá aon imní nó comharthaí ort. D'fhéadfá leas a bhaint as féachaint ar na hathruithe ar féidir leat a fheiceáil agus a bhrath atá liostaithe ar laethanach 10 den leabhrán seo.

Cá bhfuair Seiceáil Cíche mo chuid sonraí?

Faoin Acht Sláinte (Faisnéis a Sholáthar), 1997, tá cead againn ainmneacha, seoltaí agus dátaí breithe na mban incháilithe a fháil ó chomhlachtaí mar an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Cosanta Sóisialta, an Roinn Sláinte, agus comhluchtaí árachas sláinte príobháideach cuideachtaí. Is féidir le mná incháilithe iad féin a chlárú freisin.

Coinníonn Seiceáil Cíche do chuid sonraí agus do thaifid sláinte sábháilte agus faoi rún. Mura dteastaíonn uait páirt a ghlacadh i BreastCheck, scríobh chugainn le do thoil agus ní rachaimid i dteagmháil leat arís.

Molann Seiceáil Cíche do mhná teagmháil a dhéanamh le Seiceáil Cíche ar Saorghlao 1800 45 45 55 nó seiceáil ar líne ag www.breastcheck.ie chun a chinntiú go bhfuil said ar an gclár

Do chuid sonraí a choinneáil slán

Caithfidh Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (FSS) na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018 agus na Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) a chomhlíonadh. Aithnimíd do cheart chun príobháideachta agus do chuid faisnéise pearsanta a chosaint. B'fhéidir go gcaithfimid do thaifid sláinte a roinnt más gá tacú le do chúram agus cóireáil. Roinnfidh Seiceáil Cíche do thorthaí le do dhochtúir teaghlaigh mura gcuireann tú a mhalairt in iúl dúinn.

Cad is mamagram ann?

Nuair a bhíonn mamagram agat, úsáidtear meaisín x-gha speisialta chun íomhá de do bhrollach a chruthú. Ceann ag an am, tá do bhrollach comhbhrúite idir dhá phláta plaisteacha réidhe chun an x-gha a thógáil. Caithfear brú ar do bhrollach chun a chinntiú go bhfuil an mamagram ar ardchaighdeán.

Scaipeann an brú seo an fíochán cíche amach ionas go bhfeicfimid é níos soiléire. Úsáideann an scrúdú mamagrafaíochta dáileog an-íseal radaíochta agus is treise iad na buntáistí ná an riosca. Chun an fhírinne a rá, tá an dáileog radaíochta dáirire mar an gcéanna le nochtadh thart ar dhá mhí do radaíocht chúlra a tharlaíonn go nádúrtha in Éirinn.

An pianmhar é mamagram?

Is féidir le mamagram pian a chur ort. Tógann an gnáthamh cúpla nóiméad agus le linn na tréimhse seo cuirtear brú ar gach cíche.

Braitheann roinnt mná míchompord nó pian, ach níl aon fhianaise ann go ndéanann an brú aon dochar don bhrollach.



Má bhraitheann tú go bhfuil an gnáthamh ró-phianmhar, inis a leithéid don radagrafaire láithreach agus éireoidh said as.

Leideanna cabhracha

Caith barr le sciorta / bristí toisc go bhfuil siad níos éasca duit a bhaint díot. Déan iarracht púdar talcum nó díbholaí a sheachaint mar is féidir leo a theacht suas ar an mamagram.

Cá théim le haghaidh mo choinne Seiceála Cíche?

Braitheann sé ar an áit ina gcónaíonn tú. D'fhéadfadh do choinne a bheith in aonad Seiceála Cíche in aice le hospidéal nó in aonad scagtha soghluaiste.

Maidir le do choinne Seiceála Cíche

- Tógfaidh sé thart ar 30 nóiméad san iomlán. Tar I d'aonar le do choinne, le do thoil.
- Ní thógfaidh do mhamagram ach cúpla nóiméad.
- Inis don Aonad más rud é go raibh mamagram agat le 12 mhí anuas.
- B'fhéidir go mbeidh coinne scagtha níos faide ag teastáil uait má tá ionchlannáin chíche agat.
- B'fhéidir go mbeidh coinne níos faide ag teastáil uait má tá riachtanais chéadfacha, intleachtúla nó soghluaisteachta agat. Más ea, cuir in iúl dúinn roimh ré agus inis dúinn an uimhir theagmhála ar do litir choinne.
- Tá gach aonad scagtha Seiceáil Cíche inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, agus tá siad inrochtana don chuid is mó de na cineálacha cathaoireacha rothaí. Má tá aon cheist agat, glaoigh ar uimhir aonaid Seiceáil Cíche atá ar do litir choinne.

Cad a tharlaíonn tar éis an mhamagraim?

Tá sé mar aidhm againn torthaí do mhamagraim a sheoladh chugat laistigh de thrí seachtaine. Má moltar cuairt laentach a dhéanamh cuirfimid a leithéid in iúl duit Seolfaimid cóip de do thorthaí chuig do dhochtúir teaghlaigh (GP) freisin.

Glaofar thart ar dhuine as gach 25 bean (4%) ar ais le haghaidh tuilleadh tástálacha (measúnú) tar éis scagtha. Is minic a thagann imní mór ar mhná nuair a ghlaotar ar ais iad, agus mar sin déanann Seiceáil Cíche a dhícheall na rátaí athghlaoigh a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Glaofar ar ais mná a bhfuarthas amach go raibh rud éigin neamhghnách ar a mamagram acu le haghaidh tuilleadh tástálacha (measúnaithe) agus tuilleadh meastóireachta. D'fhéadfadh go mbeadh orthu dul faoi bhithóipse sampla fíocháin ón gcíoch agus a thástáil le fáil amach an bhfuil ailse air.

Sé máinliacht an chéad chóireáil a chuirtear ar fail do thromlach na gcineálacha ailse chíche.

Níl ailse ar fhormhór na mban a ghlaoitear ar ais le haghaidh tuilleadh tástála. Mar sin gheobhaidh thart ar 99% de na mná a chuaigh tríd an gclár Seiceála Cíche gnáththoradh. Molaimid dóibh leanúint ar aghaidh ag freastal ar choinní scagtha nuair a thugtar an cuireadh dóibh.

Buntáistí a bhaineann le scagadh cíche

Scagadh cíche:

- sábhálann sé beatha
- tá sé in ann ailse chíche a bhrath go luath
- feabhsaíonn sé rátaí marthanais ó ailse chíche.

Má aimsítear ailse chíche go luath trí scagadh rialta:

- tá sé níos éasca á chóireáil
- d'fhéadfadh sé tuilleadh roghanna cóireála a thairiscint
- tugann sé seans níos fear duit teacht slán as.

Teorainneacha scagthástála cíche

Ní féidir le raideolaí a rá go lánchinnte leat go bhfuil gach mínormáltacht fíocháin a d'fhéadfadh a bheith ann aimsithe acu.

Bíonn cásanna ann nuair nach n-aithníonn an scrúdú mínormáltacht fíocháin a d'fhéadfadh a bheith ailseach. Beidh cásanna ann freisin nuair a aithnítear mínormáltachtaí atá neamhóideach. Tarlaíonn sé seo i ngach clár scagtha a chomhlíonann caighdeáin idirnáisiúnta dea-chleachtais, Seiceáil Cíche ina measc. Dá bhrí sin, molaimid duit leanúint san airdeall agus dul i gcomhairle le do dhochtúir teaghlaigh má tá aon imní ort.



Diagnóis amú – Tá seans beag ann go bhfaighidh tú toradh mamagram diúltach (gach rud I gceart) nuair a bhíonn ailse ann. Tugtar toradh bréagach diúltach air seo, agus d'fhéadfadh sé tarlú in aon chlár scagtha.

Gheobhaidh timpeall beirt as gach 1,000 bean a scagtar toradh bréagach diúltach. Gheobhaidh timpeall triúr as gach 100 bean a scagtar toradh dearfach bréagach.

Ródhiagnóis – D'fhéadfadh ródhiagnóis a bheith mar thoradh ar an scagadh. Tárlaíonn sé seo nuair a aithnítear riochtaí gan dochar, as a dtagann cóireáil agus strus gan ghá.

Uaireanta bíonn ailsí cíche le feiceáil ach bíonn siad ag céim luath. Ní féidir a rá i gcónaí cé hiad na hailsí a chuirfidh beatha i mbaol.

Chun tuilleadh eolais a fháil amach faoi na buntáistí agus na teorainneacha a bhaineann le scagadh cíche, féach www.breastcheck.ie nó Saorghlalo 1800 45 45 55.

Cad is ailse neamh-ionrach (DCIS) ann?

Tugtar 'carcinoma duchta in situ' ar ailse neamh-ionrach, nó DCIS go gairid. Is cineál ailse chíche luath í DCIS. Is féidir cur síos a dhéanamh uirthi freisin mar ailse réamh-ailseach, réamh-ionrach nó intraductal.

Nuair a bhíonn DCIS agat, tá an ailse I láthair i gcuid de na duchtanna bainne (cainéil i do chíche a iompraíonn bainne go dtí an dide). Ciallaíonn sé seo go bhfuil na cealla ailse taobh istigh de na duchtanna bainne ('in situ') agus nach bhfuil siad scaipthe laistigh nó lasmuigh de do chíche.

Chun diagnóis DCIS a dhearbhú, bheadh bithóipse ag teastáil uait, áit a dtógtar píosa fíocháin ó do chíche lena scrúdú.

An bhfuil cineálacha éagsúla DCIS ann?

Is féidir iad a roinnt ina DCIS ardghrádach, meanghrádach agus bunghrádach. Tá an grádú seo bunaithe ar an gcuma atá ar na cealla faoin micreascóp.

Mura ndéantar DCIS a chóireáil, d'féadfadh na cealla a scaipeadh ó na duchtanna isteach san fhíochán cíche máguaird agus a éirí ina n-ailse ionrach (ceann ar féidir leis scaipeadh go baill eile den chorp). Tá seans níos lú ann go dtiocfaidh ailse ionrach ar DCIS bunghrádach ná ar DCIS ardghrádach.

Ní fhásann DCIS ina ailse ionrach i ngach bean, fiú mura ndéantar cóireáil uirthi. Ach ní féidir a rá cén DCIS a fhásfaidh ina ailse ionrach agus cé nach bhfásfaidh. Dá réir sin, faigheann mná áirithe cóireáil le haghaidh DCIS nach bhfásfadh riamh ina ailse ionrach.

Cad a chuireann tú i mbaol ailse chíche a fháil?

De réir taighde is féidir leis na cúiseanna seo a leanas thú a chur i mbaol ailse a fháil:

- a bheith ina bean (is féidir le fir ailse chíche a fháil chomh maith, ach is annamh é)
- dul in aois
- stair ailse chíche sa chlann agat
- do nósanna maireachtála, mar shampla an iomarca alcóil a ól, an iomarca meáchain gnóthaithe agat tar éis sos míostraithe, nó easpa aclaíochta.

Fiú nuair tar éis scagadh a dhéanamh ort, ba chóir duit fanacht fós feasach ar chíoch agus do bhrollach a scrúdú go rialta le haghaidh aon athruithe.

Bí feasach ar chíoch

Is cuma cén aois thú, is tábhachtach fanacht feasach ar chíoch i gcónaí.

- Bíodh a fhios agat cad is gnách do do chorp.
- Bíodh a fhios agat cad iad na hathruithe ba cheart duit a lorg.

Cad iad na hathruithe ba chóir dom a chuardach agus a mhothú?

- aon chnapáin nó ramhrú neamhghnách i do chíche
- loigíneadh, teannas nó deargadh craicinn
- díde a bhfuil Cuma tarraingthe isteach nó brúitr síos uithi
- gríos nó craiceann calógach nó screamhógach timpeall na díde
- athrú ar mhéid nó ar chruth do chíche
- at faoi d'ascall nó timpeall do dhearlracháin.

Tabhair faoi deara, le do thoil: Tá go leor cúiseanna le hathruithe i do chíche. Is neamhurchóideach iad a bhformhór ach ba cheart duit aon athrú a sheiceáil. Má tá aon imní ort nó má thugann tú aon athruithe faoi deara, tabhair cuairt ar do dhochtúir teaghlaigh (dochtúir teaghlaigh) gan mhoill, fiú má bhí mamagram agat le déanaí.

Is maith an rud é labhairt

Má tá aon cheist agat, b'fhéidir go gcabhróidh sé leat labhairt faoi Seiceáil Cíche le do theaghlach agus le do chairde - go háirithe duine a d'úsáid an tseirbhís cheana féin. Is féidir leat glaoch orainn freisin saor in aisce ar 1800 45 45 55.

Cumarsáid a dhéanamh leat

Beidh gach cumarsáid a dhéanfaimid leat oscailte, macánta, tráthúil agus trédhearcach:

- má théann rud ar bith cearr le do chúram
- má dhéanann do chúram dochar duit
- más dóigh linn go bhféadfadh dochar a bheith déanta duit.

Ciallaíonn sé seo go gcoinneoimid ar láneolas thú faoi na fíricí agus na sonraí faoin rannpháirt a bhí agat sa Chlár Scagtha Cíche.

Do chead a thabhairt

Nuair a fhreastalaíonn tú ar mamagram scagthástála cíche don chéad uair iarrfar ort do chead a thabhairt dúinn trí fhoirm a shíniú roimh an tástáil. Mura féidir leat an fhoirm a shíniú, iarrfar ort do chead a thabhairt ó bhéal nó trí mharc a dhéanamh ar an bhfoirm os comhair radagrafaithe. Is féidir leat an cead seo a aistharraingt aon am, fiú tar éis don mhamagram tosú.

Deimhníonn an fhoirm shínithe:

- gur cuireadh an t-eolas faoi scagadh cíche, agus na buntáistí agus na teorainneacha a bhaineann léi in iúl duit
- go dtuigeann tú an t-eolas seo
- gur chinntigh tú go raibh an t-ainm, an seoladh agus sonraí eile ceart, líonta istech agat, ionas go mbeimid in ann leanúint ar aghaidh i gcumarsáid leat
- go ligeann tú dúinn d'fhaisnéis phearsanta agus do stair scagtha a fháil, a shealbhú agus a mhalartú leo siúd a chuireann an clár ar fáil, le do dhochtúir teaghlaigh, agus le Clárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann.

Ná dean dearmad: Ní féidir le éaon duine ach tú féin do chead a thabhairt páirt a ghlacadh inár gclár. Is féidir leat do chead a aistharraingt aon am trí ríomhphost a sheoladh chuigainn ag info@breastcheck.ie nó trí ghlaoch orainn ar Saorghlao 1800 45 45 55.

Má tharraingíonn tú do chead siar, nídhéanfaimid dteagmháil arís leat faoin gclár scagthástála cíche.

Scagadh? S'é do chinneadh

Is é do rogha glacadh le scagthástáil Seice Cíche nó gan ghlacadh. Is féidir leat an cuireadh ó Sheiceáil Cíche a ghlacadh nó a dhiúltú. Is féidir leat chomh maith glacadh leis an gcuireadh, ach d'intinn a athrú níos déanaí.

Tá sé mar aidhm ag gach scagadh an chothromaíocht cheart a fháil idir na seansanna leasa agus teorainneacha an phróisis. Caithfidh tú roghnú cad is fear duitse dar leat.



Buntáistí

D'fhéadfadh an scagadh do bheata a shábháil ó ailse chíche.

Teorainneacha

D'fhéadfadh cóireáil le haghaidh ailse nach mbeadh bagrach don bheatha a bheith mar thoradh ar an scagadh.

Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil, clárú nó seiceáil an bhfuil tú ar an gclár, féach ar www.breastcheck.ie nó ghlaoigh Saorghlao ar 1800 45 45 55.

Ardoifig
Áras Ostaí an Rí,
200 Sráid Parnell, Baile Átha Cliath 1
Fón: 01 865 9300
Saorghlao: 1800 45 45 55
Ríomhphost: info@breastcheck.ie

Aonad Eccles
36 Sráid Eccles, Baile Átha Cliath 7
Fón: 01 882 6200
Ríomhphost: eccles@breastcheck.ie

Aonad Mhuirfean
Bóthar Mhuirfean, Baile Átha Cliath 4
Fón: 01 223 5800
Ríomhphost: merrion@breastcheck.ie

Aonad an Deiscirt
Bóthar na hOtharlainne, Corcaigh
Fón: 021 464 9700
Ríomhphost: southern@breastcheck.ie

Aonad an Iarthair
Bóthar an Chaisleáin Nua, Gaillimh
Fón: 091 580 600
Ríomhphost: western@breastcheck.ie

Tuilleadh eolais
Chun tuilleadh eolais a fháil, clárú nó seiceáil an bhfuil tú ar an gclár, féach ar www.breastcheck.ie nó glaoigh Saorghlao ar 1800 45 45 55.

Do Notaí

Do Notaí

Riomhpost: info@breastcheck.ie Saorghlao: 1800 45 45 55

An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála
National Screening Service

Plain English
Approved by NALA

BreastCheck
An Clár Náisiúnta Scagthástála Cioch
The National Breast Screening Programme

BC/COM-004 Rev5